# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt as CEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach grúpa* ar leith de na trí ghrúpa, agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif a bhfuil gá leo chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar leis seo a bhfuil **X** marcáilte air.

## GRÚPA 1: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Sa bhliain 427 R.C., rinne Tionól na hAithne rún a phlé maidir leis an mbreith bháis a gearradh ar mhuintir Mytilene a chur ar ceal.

(a) Déan achoimre ar an gcás a rinne Cleon ar son na breithe báis. (30)

(b) Cad is dóigh leat den chás a rinne Cleon? (10)

(c) Cén toradh a bhí air do chathróirí Mytilene? (10)

(ii) (a) De réir Thúicídidéis, maidir le Cogadh na Peilpinéise, cén fáth gur "fiú níos mó a scríobh faoi ná faoi chogadh ar bith eile a tharla san am fadó"? (30)

(b) Dar leatsa, cé mhéad den cháil a bhaineann le Cogadh na Peilpinéise atá ann i ngeall ar an gcaoi ar scríobh Túicídidéas faoi? (20)

(iii) Dar leatsa, cérbh iad na príomhbhotúin a rinne na hAithnigh nuair a bhí an cogadh sa tSicil á fhearadh acu? (50)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar an ról a d'imir an ginearál Aithneach Demosthenes in imeachtaí Chogadh na Peilpinéise. (35)

(b) Cérbh iad na tréithe a bhain le Demosthenes mar ghinearál? (15)

---

**Topaic 2. Alastar Mór. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Déan cur síos ar phríomh-chomhpháirteanna arm Alastair. (25)

(b) I gcath Issus, cén úsáid a bhain Alastar as a mharcshlua (saighdiúirí capaill) **agus** as a shlua coise? (25)

(ii) "Rinne Alastar cinneadh ansin a chabhlach a scor." (Arrian, *Feachtais Alastair*)

(a) Cén fáth ar scaoil Alastar a chabhlach tar éis an léigir ag Miletus? (25)

(b) Cén polasaí a lean Alastar ansin le cur in aghaidh chabhlach láidir na Peirse? (15)

(c) Cad iad na contúirtí inar chuir Alastar é féin agus an polasaí sin á chur i bhfeidhm aige? (10)

(iii) "Idir an dá linn, bhí Alastar ciaptha tar éis gur éirigh sé chomh tógtha sin lena eagla roimh chúrsaí osnádúrtha agus é chomh róchorraithe agus chomh buartha ina intinn féin, gur shíl sé gurbh fheart nó gur thuar gach rud aisteach nó neamhghnách a tharla, ba chuma cé chomh suarach agus a bhí siad …" (Plútarc, *Beatha Alastair*)

Cén fhianaise atá sna téacsanna gur thug Alastar an-aird ar thuartha **agus** ar aitheascail ar feadh a shaoil? (50)

(iv) "Ón am sin i leith thosaigh sé ag cur a stíl mhaireachtála féin in oiriúint níos mó do stíl na tíre agus rinne sé iarracht nósanna Áiseacha agus nósanna Macadónacha a chomhréiteach." (Plútarc, *Beatha Alastair*)

(a) Cad iad na gnéithe a bhain le "hÁiseachas" seo Alastair? (35)

(b) Dar leatsa, cén fáth ar chuir Alastar an polasaí sin i bhfeidhm? Déan tagairt don ábhar dualgais mar thacaíocht le do fhreagra. (15)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Is ionann an dlí agus an Réasún, agus tá sé ceart agus nádúrtha. Ordaíonn sé do dhaoine a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus cuireann cosc agus bac orthu éagóir a dhéanamh." (Ciceáró, *Ceart agus Mícheart*)

Conas a fhorbraíonn Ciceáró an tuairim sin ina dhiaidh sin? (50)

(ii) Bunaithe ar an méid atá léite agat de *Bheathaí* Plútarc, cérbh iad na tosca ba thábhachtaí, dar leat, a bhain le cumhacht a bhaint amach sa Phoblacht Dhéanach?

Ba cheart duit tagairt a dhéanamh d'imeachtaí sonracha i do fhreagra. (50)

(iii) (a) Déan cur síos ar thrasnú abhainn an Rubicon in 49 R.C. ag Caesar agus mínigh an tábhacht a bhain leis an eachtra sin. (25)

(b) Cad a rinne Poimpéas i ngeall ar thrasnú an Rubicon ag Caesar? (10)

(c) Déan comparáid achomair idir iompraíocht na **beirte** ginearál ag an am sin. (15)

(iv) "Tá mé gafa ag dúil neamhghnách, nach bhfuil náireach, measaim, go ndéanfadh saothar ó do láimh m'ainm oirirc agus cáiliúil." (Ciceáró, *Litir chuig an staraí Lucius Lucceius*)

(a) Déan achoimre ar litir Chiceáró chuig Lucceius. (30)

(b) Cad a insíonn an litir seo maidir le carachtar Chiceáró? (20)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Pléigh an ról a d'imir Marc Antoine sna himeachtaí ó bhás Iúil Caesar (44 R.C.) go dtí gur briseadh ar Antoine i gCath Actium (31 R.C.). (40)

(b) Cad iad na gnéithe de charachtar Antoine a chuidigh, b'fhéidir, lena thurnamh? (10)

(ii) "Chreid Tacatas gur thruailligh an chumhacht na himpirí. Níorbh í an chumhacht amháin, ach an dúil sa chumhacht, a bhraith Tacatas a bheith contúirteach." (Mellor)

Pléigh an ráiteas sin agus tagairt agat don ábhar dualgais ar do chúrsa. (50)

(iii) In A.D. 26 d'fhág Tiberius an Róimh agus chuaigh sé go hoileán Capri.

(a) I do thuairim, cén fáth ar fhág Tiberius an Róimh ag an am sin? (20)

(b) Cén tionchar a bhí ag a neamhláithreacht ar chúrsaí sa Róimh? (15)

(c) Déan trácht achomair ar chuntas Suétonius ar bheatha Tiberius ar Capri. (15)

(iv) Dúradh faoi Corbulo gurbh é an ginearál ba mhó lena linn.

Tabhair cuntas ar éachtaí Corbulo. (50)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar *Froganna* le Arastafainéas, cad iad na léargais a fhaigheann tú ar pholaitíocht **agus** ar shaol na hAithne ag an am? (50)

(ii) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, tarlaíonn teagmháil dhrámata idir an fáidh Tiresias agus Éideapús.

(a) Tabhair breac-chuntas ar an teagmháil sin. (25)

(b) Cén tuairim atá agat faoi iompraíocht Éideapúis agus Tiresias araon sa teagmháil sin? (25)

(iii) Cad iad na léargais a thugann an dráma *Méidia*, le hEoiripidéas, dúinn ar na dearcaí difriúla ar an bpósadh a bhí ag fir agus mná ag an am? (50)

(iv) Sa dráma le hAescaileas, *Proiméiteas Faoi Laincis*, cé gur tíoránach brúidiúil é Séas, níl Proiméiteas gan locht ach oiread.
Pléigh an dearcadh sin agus tagairt agat don dráma. (50)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) San *Odaisé* le Hóiméar, déan anailís ar cé mar a réitíonn Péinealopé agus a mac Telemachus le chéile. (50)

(ii) San *Aeinéid* le Veirgil, déan comparáid idir ról an bhandé Véineas agus ról an bhandé Iúnó. (50)

(iii) Ar feadh an *Aeinéid* le Veirgil, is é an tsaintréith ar leith a bhaineann le hAeinéas ná a thuiscint láidir ar an dualgas.

(a) Pléigh an ráiteas sin agus tagairt agat don téacs. (35)

(b) Dar leatsa, an bhfágann an tuiscint láidir a bhí aige ar an dualgas nach bhfuil sé chomh spéisiúil mar laoch? (15)

(iv) Déan comparáid idir an modh cogaíochta a léirítear sa *Táin* agus an modh cogaíochta a léirítear san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar na sleachta *Sonas Faoin Tuath* agus *Féilire an Fheirmeora* de chuid Veirgil, an dóigh leat gur cur síos réalaíoch é cur síos Veirgil ar shaol an fheirmeora? (30)

(b) Cad iad na príomhghnéithe de shaol na cathrach nach dtaitníonn le Veirgil? (20)

(ii) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar na dánta dualgais, déan comparáid idir dhearcadh Propertius maidir leis na mná agus dearcadh Oivid maidir leis na mná. (50)

(iii) (a) I gcuntas Livias ar chath Cannae, déan cur síos ar conas a bhuaigh Hannibal ar na Rómhánaigh. (25)

(b) Pléigh iompraíocht an chonsail Paulus roimh chath Cannae agus ina dhiaidh. (10)

(c) Cén tuairim atá agat maidir le Hannibal mar a léiríonn Livias é sna sleachta atá ar do chúrsa? (15)

(iv) Bunaithe ar na dánta dualgais atá léite agat, conas a dhéanfá achoimre ar an bhfealsúnacht saoil atá ag Hóráid? (50)

---

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** plean theampall Héafastais (ar a dtugtar freisin an "Theseum").

(a) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach ina bhfuil an teampall tógtha? (5)

(b) Cá bhfuil an teampall seo suite? (5)

(c) Cad iad na hábhair a úsáideadh chun é a thógáil? (10)

(d) Déan cur síos ar an teampall agus bain úsáid as na téarmaí cearta ailtireachta. (30)

(ii) Déan staidéar ar an vása atá léirithe i **bhFótagraf B** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Cén t-ainm atá ar an gcineál seo vása? (5)

(b) Cén fheidhm a bhí ag vásaí den chineál seo? (5)

(c) Agus téarmaí cearta á n-úsáid agat, déan cur síos ar an vása seo. (25)

(d) Is as an gCoraint a thagann an vása seo. Tabhair cuntas gearr ar fhorbairt photaireacht na Corainte. (15)

(iii) Déan staidéar ar na **Fótagraif C** agus **D** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Cad iad na tréimhsí den dhealbhóireacht Ghréagach as a dtagann gach ceann den dá dhealbh seo? (10)

(b) Bain úsáid as an dá dhealbh seo chun an fhorbairt a tháinig ar an dealbhóireacht Ghréagach le linn na 100 bliain idir **C** agus **D** a léiriú. (40)

(iv) (a) Cén cineál fíorach atá léirithe i **bhFótagraf E** ar **Pháipéar X**? (5)

(b) Cá raibh suíomh na deilbhe seo? (5)

(c) Déan trácht ar shnoíodóireacht na n-éadaí ar an bhfíor seo. (15)

(d) Déan comparáid idir an dealbh seo agus dealbha tipiciúla de na mná sa ré Ársa. (25)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Ina chlár d'oideachas páistí, cad iad na cineálacha scéalta a gcuireann Platón cosc orthu? (20)

(b) Cén chúis a thugann Platón leis na scéalta sin a chosc? (20)

(c) An aontaíonn tú le Platón maidir lena chinsireacht ar scéalta dá leithéid? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(ii) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar an *Seachtú* agus ar an *Ochtú Litir* dá chuid, cén tuairim atá agat faoi charachtar agus faoi fhealsúnacht Phlatón? (50)

(iii) Sa *Phoblacht* le Platón, deir Adeimantus maidir le fealsúna, "fiú iad siúd a bhfuil an chuma orthu gurb iad is fearr, déantar iad a laghdú ag an staidéar seo a mholann tú chomh hard sin go dtí daoine gan mhaith ar fad mar bhaill den tsochaí."

Conas a chosnaíonn Sócraitéas an fhealsúnacht in aghaidh an chur ina choinne seo? (50)

(iv) "Anois ní mé an bhféadfaimis ceann de na scéalta áisiúla sin a chumadh a bhí faoi chaibidil againn cúpla nóiméad ó shin, … miotas iontach éigin …" (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Tabhair breac-chuntas ar an "miotas iontach". (25)

(b) Cén fáth a gceapann Sócraitéas go mbeadh miotas dá leithéid ag teastáil? (15)

(c) An gceadódh Sócraitéas gluaiseacht ar bith idir na haicmí atá luaite sa mhiotas? (10)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** plean Lepcis Magna san Afraic Thuaidh.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag *bb, c, g, f,* agus *n*. (15)

(b) Bain úsáid as an bplean seo chun forbairt Lepcis Magna a rianú ó aimsir an impire Ágastas go dtí réimeas Septimius Severus. (30)

(c) Déan trácht achomair ar an gcalafort a léirítear ag *o* ar an bplean. (5)

(ii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** an amharclann ag Aspendos san Áise Bheag.

(a) Déan cur síos ar an amharclann seo. (25)

(b) Conas a léiríonn an amharclann seo agus amharclanna comhchosúla an rud a dúirt Wheeler, "go dtagann an amharclann Rómhánach … leis an claonadh Rómhánach i dtreo an taobh istigh a bheith foriata"? (15)

(c) Luaigh difríocht amháin idir amharclanna Rómhánacha agus Gréagacha seachas an claonadh sin i dtreo an taobh istigh a bheith foriata. (10)

(iii) (a) Ainmnigh an pictiúr a léirítear i bh**Fótagraf H** ar **Pháipéar X**. (5)

(b) Cén fáth ar péinteáladh pictiúir dá leithéid ar bhallaí na tithe Rómhánacha? (10)

(c) Dar leatsa, an bhfuil an ceart ag Wheeler nuair a thugann sé "sárshaothar" ar an bpictiúr seo? (35)

(iv) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** sonra ón Ara Pacis de chuid Ágastais (13 R.C.).
Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** rilíf ó Áirse Septimius Severus (c. A.D. 200).

(a) Cén chaoi ina bhfuil an radharc ón Ara Pacis níos nádúraíche ná an rilíf ó Áirse Septimius Severus? (15)

(b) Déan trácht ar an iarracht ar pheirspictíocht sa rilíf ó Áirse Septimius Severus. (15)

(c) Cad a insíonn na dealbha seo dúinn faoin athrú ar an gcaoi ina léirítear an t-impire idir aimsir Ágastais agus aimsir Septimius Severus? (20)